Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2011

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

## BONNLEIBHÉAL

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011**

**CLUASTUISCINT (180 MARC)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ceisteanna 1, 2, 3. | 3 x 14 marc. | Ceisteanna 4, 5. | 2 x 7 marc |
| Ceisteanna 6, 7, 8, 9. | 4 x 16 marc | Ceisteanna 10, 11, 12. | 3 x 20 marc. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | (a) | Leictreoir = an tríú pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Faoin tuath | ... 7 marc ) | |
| Ceist 2 | (a) | In oifig thaistil = an ceathrú pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | An tSín | ... 7 marc ) | |
| Ceist 3 | (a) | Galf = an dara pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Trí oíche | ... 7 marc ) | |
| Ceist 4 | | Siopa troscáin = an ceathrú pictiúr | ... 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 5 | | An bosca ag an mbun ar clé (tic nó saighead) | ... 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 6 | (a) | Grianmhar = an ceathrú pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | Tirim | ... 8 marc ) | |
| Ceist 7 | (a) | Dráma = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | A hocht a chlog | ... 8 marc ) | |
| Ceist 8 | (a) | Dioscó = an dara pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | Sólaistí agus deochanna | ... 8 marc ) | |
| Ceist 9 | (a) | Dornálaíocht = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | 1961 | ... 8 marc ) | |
| Ceist 10 | (a) | Bindealán | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | Buachaill óg | ... 10 marc ) | |
| Ceist 11 | (a) | €200 | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | Iasacht airgid | ... 10 marc ) | |
| Ceist 12 | (a) | Cluiche Sacair | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | An cúl báire | ... 10 marc ) | |

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011**

**ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 MARC)**

**Ceist 1: Meaitseáil 40 marc**

| **Uimhir an phictiúir** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Litir** | E | J | A | H | D | I | F | C | G | B |

(10 x 4 marc) = 40 marc

**Ceist 2** **50 Marc** Freagair do rogha **dhá** cheann de (a), (b), (c) anseo thíos.

2(a) Litir

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 25 Márta | ... 5 marc ) | |
| 2. | Innealtóireacht | ... 5 marc ) | |
| 3. | San Institiúid Teicneolaíochta | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | Taithí oibre sa Chuntasaíocht | ... 5 marc ) | |
| 5. | A teastas breithe | ... 5 marc ) | |

2(b) Bróisiúr

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Gaeltacht Chiarraí | ... 5 marc ) | |
| 2. | Ranganna Céilí | ... 5 marc ) | |
| 3 | Ar chúl an tí | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | Tae nó caife | ... 5 marc ) | |
| 5. | Ceoltóirí na háite | ... 5 marc ) | |

2(c) Scéal Nuachta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 75 | ... 5 marc ) | |
| 2. | Gadaí | ... 5 marc ) | |
| 3. | Sa chistin | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | A iníon Áine | ... 5 marc ) | |
| 5. | Os comhair na cúirte | ... 5 marc ) | |

**Ceist 3** **60 Marc** Freagair do rogha **dhá** cheann de (a), (b), (c) anseo thíos

3(a) Alt

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ar an teilifís | ... 6 marc ) | |
| 2. | *D'oibrigh sé i siopa búistéara* | ... 6 marc ) | |
| 3. | 2006 | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | Fear a'tí | ... 6 marc ) | |
| 5. | Fir na hÉireann | ... 6 marc ) | |

3(b) Giota

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ceol traidisiúnta | ... 6 marc ) | |
| 2. | Seachtain | ... 6 marc ) | |
| 3. | An phíb uilleann | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | *D'fhill Willie ar Chontae an Chláir* | ... 6 marc ) | |
| 5. | Cairde Willie | ... 6 marc ) | |

3(c) Dán

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Píosa cáise | ... 6 marc ) | |
| 2. | *Níor ith sé dada feadh dhá lá* | ... 6 marc ) | |
| 3. | Bhí sé go breá | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | Is binn do ghlór | ... 6 marc ) | |
| 5. | Chun amhrán a rá | ... 6 marc ) | |

## Ceist 3 – Nótaí faoi fhreagraí eile atá inghlactha

### Ceist 3 (a) Mír 2

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*D'oibrigh sé i siopa búistéara*
*D'oibrigh sé i siopa búistéara nuair a bhí sé ina dhéagóir*
*Búistéar*
*(Post) Mar bhúistéar*
*Búistéar, sorcas, thiomáin sé bád*
Iomarcaíocht: abairt sa bhreis: -2 ; dhá abairt sa bhreis: - 4; trí abairt sa bhreis: -6.

### Ceist 3 (b) Mír 4

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*D'fhill Willie ar Chontae an Chláir (sa bhliain 1957)*
*D'fhill sé ar Chontae an Chláir*
*D'fhill sé abhaile (ó Londain/go Contae an Chláir)*
*D'fhill Willie ar Chontae an Chláir (sa bhliain 1957. D'fhoghlaim na mílte ceoltóirí uaidh.*
Iomarcaíocht: abairt sa bhreis: -2 ; dhá abairt sa bhreis: - 4; trí abairt sa bhreis: -6.

### Ceist 3 (c) Mír 2

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*Níor ith sé dada feadh dhá lá*

*Níor ith sé dada feadh dhá lá*
*Is bhí an t-ocras mór dá chrá*

Iomarcaíocht: abairt sa bhreis: -2 ; dhá abairt sa bhreis: - 4; trí abairt sa bhreis: -6.

## ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (120 MARC)

*Comhairle speisialta faoi chumas, faoi chumarsáid, faoi chruinneas Gaeilge, faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem' agus faoi ábhar neamhghnách.*

**Ceist 4** **30 Marc** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b)

(a) Fógra

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 22 mharc | = 30 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 8 marc | |

(b) Freagra

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 22 mharc | = 30 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 8 marc | |

**Ceist 5** **40 marc** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b)

(a) <u>Litir</u>

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 30 marc | = 40 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 10 marc | |

(b) <u>Foirm Iarratais</u>

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 30 marc | = 40 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 10 marc | |

**Ceist 6** **50 Marc** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b)

(a) <u>Cuntas</u>

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 37 marc | = 50 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 13 marc | |

(b) <u>Eachtra</u>

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 37 marc | = 50 marc |
| Cruinneas Gaeilge | = 13 marc | |

## SCRÍOBH NA TEANGA

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuaíocht an iarrthóra a thuiscint.

**Cumas Cumarsáide**

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh di/dó a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge**

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge - cruinneas gramadaí;
(ii) Foclóir - cruinneas sa stór focal;
(iii) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

**N.B.** Ná glac le Béarla.

**Ceist 4(a) Fógra**

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.
Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ………………………... 1 marc
- Iarracht ar fhógra = 1 marc

(ii) Treoracha …………………………... 21 marc

- Pict. 1 = 3+3
- Pict. 2 = 3+2+2+2
- Pict. 3 = 3
- Pict. 4 = 3

Cruinneas Gaeilge = 8 marc

**Cumas Cumarsáide:**

**Leagan amach: 1 mharc**
Má tá fógra ann nó iarracht ar fhógra glac leis, agus cuir tic in aice leis an bhfocal "Fógra"

Alt/scéal/ cuntas/ litir/aiste san Aimsir Chaite = 0.

**Na Treoracha: 21 marc**
Iarrtar ort tic a chur le gach pointe a fhreagraíonn do na treoracha nó do na tagairtí
I gcoitinne -1 a bhaint i gcás Aimsir mhí-oiriúnach in úsáid.

**Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? = 3 mharc**

**Tráth na gCeist**(eanna) ….3 marc )
Ceisteanna
Obair Ghrúpa/bheirte
Comórtas X : C. Gaeilge etc. *Gan an Ionramháil pionós -1*
Díospóireacht X: D Béarla etc. *Gan an Ionramháil pionós -1*
Pleanáil X: P Dioscó etc. *Gan an Ionramháil pionós -1*
Scrúdú X ; S. Béarla etc. *Gan an Ionramháil pionós -1*

Rang X : Speisialta, Ealaíne etc. *Gan an Ionramháil sa chás seo =0* …0 marc)

A leithéid de "Rang", "Dioscó" etc =0 …0 marc)

**Cén áit? = 3 marc**

"Halla na Scoile" nó ainm scoile nó halla ainmnithe ar bith …..3 marc)
Sa Halla, sa Seomra ealaíne, sa seomra ranga
*Glac le seomra cinnte ar bith atá oiriúnach*

i Halla,halla, iseomra, sa scoil, seomra ranga, … .2 marc)

Óstán nó áit ar bith eile ….1 marc)

**Pictiúr 2 Cen oíche? = 3 mharc**

Glac le oíche/lá ar bith atá oiriúnach. …3 Marc)
Anocht, An deireadh seachtaine/Inniu/Amárach

An tseachtain seo chugainn … 2 Marc)
Inné/Aréir/ar maidin (A/C = -1)

An tseachtain seo caite … 1 Marc)

Dé nó Dé S. etc. … 0 Marc)
Gach Luan etc. ó Luan go Satharn etc.

**Dáta? = 2 Marc**

Dáta ar bith inghlactha …..2 Marc)
Caithfidh an mhí a bheith litrithe (-1 muna bhfuil)
2 Márta 3 Aibreán etc

Bealtaine nó mí ar bith gan dáta …1 Marc)
3ú/ 3ú Lá/3ú Mí/
3ú- 3, 3ú- 4 nó 3/3 nó 3-5-11

3, 3-5, 3 Mí … 0 Marc)

**Am? = 2 Marc**

Am réasúnta ar bith, a.m. nó p.m.
Ag Tosú 7. Am = 7 … 2 Mharc
7 leis féin … 0 Marc

**Cead Isteach? = 2 Marc**
Airgead leis féin €8 nó Ocht Euro/ 8 Euro
Ní gá **8** euro, glac le airgead ar bith.
Táille/Airgead/Ticéad/Cead Isteach: €8/8 … 2 Mharc
Saor in aisce
Figiúr lom "8" leis féin = 0

**Pictiúr 3 Cé a bheidh mar Fhear a' Tí? = 3 mharc**
Ainm fir le hionramháil ag teastáil.
Tús/i láthair/fear a' tí/aoí speisialta + Ainm fir … 3 Mharc

Ionramháil + ainm mhná
Ainm fir gan ionramháil … 2 Mharc

**Pic. 4 Cá rachaidh an t-airgead? 3 mharc**
Caithfidh ionramháil a bheith déanta
Rachaidh an t-airgead go/go dtí Ospidéal na bPáistí
Beidh an t-airgead ag dul go/go dtí Ospidéal na bPáistí
Airgead ar son Ospidéal na bPáistí ……
Airgead do/ag dul go/ag dul go dtí Ospidéal na bPáistí
Do Ospidéal na bPáistí
Airgead go dtí Ospidéal na bPáistí
Airgead → Ospidéal na bPáistí
Airgead: Ospidéal na bPáistí
Airgead = Ospidéal na bPáistí

Tharlóidh an t-airgead go dtí Ospidéal na bPáist … 2 Marc)

Ospidéal na bPáistí … 0 Marc)
Ospidéal

**Léiriú na marcanna**
Leagan Amach =1
P.1 = 3+3 = 6
P.2 = 3+2+2+ 2 = 9
P.3 = 3 = 3
P.4 = 3 = 3
---------------
Cum(22) = 22
Cr(8) = 8

30
====

**Ceist 4(b) Cuireadh**

Tasc → Freagra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.
Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ……………………………………... 4 marc
- Beannú oiriúnach 2 marc
- Iarracht ar chuireadh 1 marc
- Síniú oiriúnach 1 marc

(ii) Treoracha …………………………………. 18 marc
- Dhá mharc déag do na treoracha do phictiúr 1 = 6 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 2 = 1 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 3 = 1 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 4 = 1 x 2 marc

Cruinneas Gaeilge = 8 marc

**Beannú oiriúnach**
A Úna ...2 mharc
Má fhágtar an "A/a" ar lár beidh botún cruinnis i gceist

"A" agus ainm eile …1 marc
Má fhágtar an "A/a" ar lár beidh botún cruinnis i gceist

Haigh / Haigh gan ainm ar bith / A chara …1 marc

**Iarracht ar chuireadh: 1 marc**.
An iarracht a léamh go tapa. Má bhíonn cosúlacht ann go bhfuil Cuireadh i gceist nó go bhfuil Cuireadh intuigthe ann, bronn an marc air.

**Síniú: 1 marc**.
Glac le ainm réasúnta ar bith.

**Na Treoracha:**

**Pictiúr 1**
**Cad a bheidh ar siúl? 2 mharc.**
Cluiche Rugbaí Idirnáisiúnta. …2 Marc)
Cluiche Rugbaí / Cluiche Idirnáisiúnta/Rugbaí
Comórtas Rugbaí / Comórtas Idirnáisiúnta Rugbaí/Comórtas Ididnáisiúnta
Éire v An Astráil
Sraith/ Corn Magners/Heineken
Cluiche, Comórtas, Corn An Domhain …1 Marc
Cluiche eile.

**Cén áit? 2 mharc**
Áit ar bith atá réasúnta …2 Marc
Staid Aviva, Bóthar Lansdún

Baile Átha Cliath …1 Marc

**Cén lá? 2 mharc**
Glac le lá ar bith atá réasúnta … inné, inniu, De hAoine, etc

| | |
|---|---|
| Dáta sothuigthe agus oiriúnach | …2 Mharc |
| An tseachtain seo caite | … 1 Marc |
| Inné | |
| | … 0 Marc |

**Cén dáta? 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Dáta oiriúnach atá so-thuigthe | … 2 Marc |

**Cén t-am? 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Am ar bith atá oiriúnach | … 2 Marc |

**Cé mhéad ar thicéad? 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Freagra réasúnta ag teastáil | … 2 Marc |

**Pictiúr 2**
**Go bhfuil a fhios agat gur maith le hÚna an rugbaí**

| | |
|---|---|
| Abairt le hionramháil. Ná glac le cóipeáil glan | … 2 Marc |
| An/Is maith leat Rugbaí | |
| Is maith leat cluichí | |
| | |
| Is maith le hÚna rugbaí | … 1 Marc |
| Ní maith leat rugbaí | |
| | |
| Ní maith le hÚna rugbaí | … 0 Marc |

**Pictiúr 3**
**Gur mhaith leat go rachadh Úna ann leat**

| | |
|---|---|
| Is/Ba mhaith liom go rachaidh/rachadh tú (ann) (liom) | … 2 Marc |
| (An) rachaidh/tiocfaidh/ tú liom | |
| An bhfuil cead agat (dul) (teacht) | |
| An bhfuil tú ag dul/teacht | |
| An/ar mhaith leat dul/teacht | |
| An féidir leat dul/teacht | |
| | |
| Má úsáidtear "Úna" in ionad "tú" beidh pionós -1 i gceist | … 1 Marc |
| | |
| Tá Úna ag dul | … 0 Marc |

**Pictiúr 4**
**Cá rachaidh sibh ar an mbealach abhaile**

| | |
|---|---|
| Tagairt d'aon rud iontuigthe agus ciallmhar | … 2 Marc |
| Tagairt do bheith ag ithe /ag ól/ ag dul isteach sa chathair/dioscó etc. | |
| Tagairt do bheith ag dul abhaile ar an Traein/Bus/ Tacsaí etc | |

Pionós ar an aimsir chaite (-1)

**Ceist 5 (a) Litir:**

Tasc → Litir a scríobh chuig cara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide: = 30 marc

(i) Leagan Amach ……………………………………..6 mharc
- Seoladh = 2 marc
- Dáta = 1 marc
- Tús = 1 marc
- Críoch = 2 marc

(ii) Treoracha ……………………. . ………………….. 24 mharc
- Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 1 = 2 x 2 mharc
- Dhá mharc déag do na treoracha do phictiúr 2 = 3 x 4 mharc
- Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 3 = 1 x 4 mharc
- Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 4 = 2 x 2 mharc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

**Seoladh: 2 mharc**
Tá dhá chuid ag teastáil.
Ná glac le leagan Béarla de sheoladh gur féidir Gaeilge a chur air.

**Dáta: 1 marc**
Glac le figiúirí.

**Tús: 1 marc**
Glac le hainm lom gan an "A", ach é seo a chur san áireamh sa chruinneas.
Glac le "A Chara"/ Haigh

**Críoch:**
Dhá chuid ag teastáil. Slánú agus ainm. Glac le haon rud oiriúnach.

**Na Treoracha: 24 marc.**

**Pictiúr 1**
Insint faoin ngaráiste agus faoin áit a bhfuil an garáiste (2+2)

**Insint faoin ngaráiste**
Ionramháil ag teastáil. … 2 marc
Tá sé mór / beag / ciúin / gnóthach / go deas.
Tagairt d'ainm an gharáiste (ní gá Esso).
Tagairt don Deli, don siopa, bialann, stáisiún Peitril
Am oscailte, am dúnta, seirbhís 24 uair.
**Insint faoin áit a bhfuil an garáiste**
Glac le hainmáite nó suíomh áite ar bith
I Luimneach, in Inis, idir Inis agus Luimneach … 2 marc
Sa chathair / Faoin tuath / ar thaobh an bhóthair
Ar imeall an bhaile, i sráidbhaile, sa chathair
Tá an áit go deas / ciúin / gnóthach / dubh le daoine 7rl Tuairim réasúnta ar bith faoin áit.
D'fhéadfadh an dá thagairt a bheith in aon abairt amháin!

**Pictiúr 2**
Insint faoin obair a dhéanann tú san gharáiste: (4+4+4)

Glac le tagairt réasúnta ar bith, ach caithfidh ionramháil a bheith déanta air.

| | |
|---|---|
| Cineál oibre agus ionramháil | = 4 mharc |
| Cineál oibre gan ionramháil / coinniollacha oibre | = 3 mharc |
| Tuairim faoin obair | = 3 mharc |

**Cineál oibre agus ionramháil = 4 mharc**
Ag obair sa Deli/ sa Bhialann/ sa siopa
Ag ullmhú (díol) béilí/ceapairí/uachtar reoite
Ag freastal ar na custaiméirí / ag glanadh suas (boird)/
Ag glanadh fuinneoga/ ag scuabadh úrláir / ag líonadh seilfeanna
Ag glanadh an gharáiste / ag tabhairt (díol)/peitril/earraí do na custaiméirí
Ag líonadh peitril, ag deisiú cairr, ag cur aer sna boinn
Ag cabhrú leis na custaiméirí, ag bailiú bruscair etc

**Cineál oibre gan ionramháil / coinníollacha oibre = 3 marc**
Bím ag glanadh / ag scuabadh / ag díol / ag caint
Bím ag obair ón Luan go hAoine
Oibrím ó 9.00 go 5.00 / Tosaím ar a naoi / Críochnaím ar a sé/
Faighim €10 san uair

**Tuairim faoin obair = 3 marc**
Tá an t-airgead go maith
Is maith liom an obair/jab/post.Tá an obair go maith / crua / dian / simplí /
Is maith liom an bainisteoir / Tá an bainisteoir cantalach/ deas
Bíonn an-chraic againn. Insint ar bith faoi oibrithe eile.
Bím ag obair go dian. Bím lá saor agam gach Domhnach etc.

**Pictiúr 3**
Ag insint faoi na daoine a thagann go dtí an garáiste
(Tá dhá thagairt do na himeachtaí sa phictiúr ag teastáil; glac le tagairt ar bith atá réasúnta.)
Ceannaíonn na custaimeirí peitreal/ bia / deochanna / uachtar reoite
Tá na custaiméirí / na daoine go deas, cairdiúil, go maith.
Tagairtí don chineál daoine, aois na ndaoine, ainmneacha daoine cáiliúla, cuairteoirí.
Tagann busanna nó leoraithe go dtí an garáiste
Bhí mé ag caint le X / Tháinig X go dtí an garáiste/ Chonaic mé X anseo
Bíonn na custaiméirí ag cur ceisteanna orm
Tagann teaghlaigh / seandaoine / páistí / turasóirí go dtí an garáiste.
Chonaic mé carr ar leith (Porsche etc).

**Pictiúr 4**
Insint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat. (2+2)
(Tá dhá thagairt do na himeachtaí éagsúla a léirítear sa phictiúr ag teastáil.)
ag imirt cluiche leadóige/ leadóg bhoird / cispheile, eitleog … 2 Marc)
ag dul go dtí an phictiúrlann/amharclann/ dioscó/ an baile mór/an chathair
ag siopadóireacht ag léamh / ag staidéar/ ag dul go dtí an leabharlann
ag dul chuig Dráma, go dtí amharclann/pictiúrlann
Ag siúlóid, ag dreapadóireacht, ag siúl na gcnoc/ faoin tuath
Téim amach le mo chairde

Má tá rud éigin ann nach bhfuil iontuigthe ón phictiúr – 1 marc

**Léiriú na marcanna**

| | |
|---|---|
| Leagan amach: | 2+1+1+2 = 6 |
| P.1: | 2+2 = 4 |
| P.2: | 4+4+ 4 = 12 |
| P.3: | 4 = 4 |
| P.4: | 2+2 = 4 |
| | --------------- |
| Cum(22) | = 30 |
| Cr(8) | = 10 |
| | 40 |
| | ==== |

**Ceist 5 (b) Foirm Iarratais**

Tasc → Foirm Iarratais a líonadh a bhfuil ceisteanna le freagairt agus alt beag a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

| | | |
|---|---|---|
| Seoladh | 1 marc | 2 marc |
| Uimhir theileafóin (Baile) | ½ marc | 1 marc |
| Uimhir theileafóin (Fón Póca) | ½ marc | 1 marc |
| Dáta Breithe | 1marc | 2 marc |
| Airde | ½marc | 1 marc |
| Cén Scrúdú Teistiméireachta… | 1 marc | 2 marc |
| Cúig Ábhar scoile sa scrúdú | 5 marc | 10 marc |
| Ar oibrigh tú riamh in Ollstór? | ½ marc | 1 marc |
| An mbeidh tú sásta obair ag an d/s | ½ marc | 1 marc |
| Ainmnigh Trí chaitheamh aimsire | 2 marc | 6 marc |
| An gcaitheann tú tobac? | ½ marc | 1 marc |
| Ciorcal timpeall leis an dáta | ½ marc | 1 marc |
| Dáta (ag bun na foirme) | ½ marc | 1 marc |
| | **15 marc** | **30 ÷ 2 = 15** |
| | | **= 15 marc** |

**N.B.** Ná bíodh ½ marc le feiceáil in aon áit, e.g. 21 ÷ 2 = 10½ = 11 marc

**An tAlt Beag.**
Thart ar 40 focal ag teastáil. Marcáil as (15) má tá an t-alt "ad rem", agus as (5) muna bhfuil sé "ad rem".
Sa chás nach mbíonn an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (e.g. mura bhfuil ann ach 20 focal, déanfar an t-alt a marcáil as (15) marc agus bainfear 50% den marc a bhronntar). **= 15 marc**

Cruinneas Gaeilge **= 10 marc**

**Iomlán: 40 marc**

**An t-Alt beag: 15 marc.**

Caithfidh an t-alt a bheith *Ad Rem*, dírithe ar an téama, a bheith ag obair in Ollstór Tesco. Glac le tagairt don saghas oibre, tuairim ar bith faoin obair féin, nó coinníollacha oibre nó aon tagairt eile a thaispeánann go bhfuil ábhar an ailt ar aigne an iarrthóra.
Má tá sé ad rem é a mheas as 15 mar phíosa cumarsáideach.
Mura bhfuil sé ad rem caithfear é a mharcáil as 5.

Níl méid áirithe pointí ag teastáil -- más léir go bhfuil fáth ar bith ag an scríbhneoir gur mhaith leis/leí bheith ag obair in ollstór, glac leis go bhfuil sé ad rem. Glac le tagairtí do thréithe pearsanta, pearsantacht, taithí oibre, cursaí airgid, suim i siopaí, 7rl.

Tá 40 focal ag teastáil. Ná glac le focail Béarla. Sa chás nach bhfuil an t-alt fada go leor baintear céatadán cuí den mharc a bhronntar, e.g.mura bhfuil ann ach thart faoi 32 fhocal, bainfear an cúigiú cuid den mharc bronnta.

**Ceist 6(a) Cuntas**

(a) Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh d'Iris na Scoile bunaithe ar **Cóisír na Nollag sa Chlub Óige** mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

(i) Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.
(ii) Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
(iii) Ní ghlactar le Béarla
(iv) Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbíonn an t-alt fada go leor, baintear céatadán cuí den mharc a bhronntar.
.

Cruinneas Gaeilge = 13 marc

**Nóta**

Beifear ag súil le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Ag teacht chuig an gCóisir. Tagairt don ionad.
Tagairt don lá / am / áit a raibh sé ar siúl / Costas
Cé eile a bhí ann? An aimsir taobh amuigh
Na himeachtaí a bhí ar siúl ann:
Ceol / Damhsa / Rince / Ag seinm ceoil / Ag éisteacht le ceol /Ag canadh / dioscó
An banna ceoil, Fear an Tí. Éadaí. Hataí
Daidí na Nollag, Bronntanais, Crann Nollag, soilsí etc.
Ag ithe / ag ól (ach ionramháil a bheith déanta)
Ná glac le cóipeáil ghlan.

**Ceist 6(b) Eachtra**

Tasc → Scríobh faoi Eachtra a tharla **agus tú amuigh ag rothaíocht le do chara.**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

(i) Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach maraon le aon tagairt amháin eile le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.
(ii) Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
(iii) Ná glac le Béarla.
(iv) Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach bhfuil an t-alt fada go leor, baintear céatadán cuí den marc a bhronntar.

Cruinneas Gaeilge = 13 marc

**Nóta**

Beifear ag súil le tagairtí dá leithéid seo a leanas:

Pictiúr 1: ag rothaíocht / an aimsir / cois abhann/farraige/ an bosca san uisce/glaoch amach/ag stopadh.

Pictiúr 2: ag titim isteach / eagla ar an gcailín / an buachaill ag iarraidh cabhrach / an geansaí (seaicéad) / eagla / geit / scanradh.

Pictiúr 3: Ag breith ar an ngeansaí / ag cabhrú /ag tarraingt amach / carr (bean) ag stopadh

Pictiúr 4: Ag cur blaincéad timpeall air/ slán (áthas) / buíochas a ghabháil/ ag cur glaoch teileafóin ar dhuine éigin / a bheith fuar fliuch/ag dul abhaile.

## Socruithe Réasúnta

*Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:*

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha.

Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir a ndearnadh socruithe réasúnta dó/di sna scrúduithe:

- níor mhór don Scrúdaitheoir a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici
- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh